

CINNÍ

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/958 ÓN gCOIMISIÚN

an 31 Bealtaine 2021

lena leagtar síos an fhormaid chun sonraí agus faisnéis a thuairisciú maidir le trealamh iascaireachta a chuirtear ar an margadh agus maidir le dramhthrealamh iascaireachta a bhailítear sna Ballstáit agus maidir le formáid na tuarascála ina mbeidh seiceáil cáilíochta i gcomhréir le hAirteagal 13(1)(d) agus Airteagal 13(2) de Threoir (AE) 2019/904 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir (AE) 2019/904 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2019 maidir le laghdú a dhéanamh ar an tionchar atá ag táirgí plaisteacha áirithe ar an gcomhshaol ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 13(4) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) I gcomhréir le hAirteagal 13(1)(d) de Threoir (AE) 2019/904, ní mór do na Ballstáit sonraí maidir le trealamh iascaireachta ina bhfuil plaisteach a chuirtear ar an margadh agus maidir le dramhthrealamh iascaireachta a bhailítear sa Bhallstát a thuairisciú san fhormaid arna bunú ag an gCoimisiún.
- (2) Le hAirteagal 13(2) de Threoir (AE) 2019/904 sonraítear gur cheart tuarascáil ina mbeidh seiceáil cáilíochta ag gabháil leis na sonraí agus leis an bhfaisnéis a thuairisceoidh na Ballstáit. Le formáid na tuarascála ina mbeidh seiceáil cáilíochta ba cheart a áirithiú gur leor an fhaisnéis agus na sonraí a thuairiscítear chun cruinneas, iontaofacht agus inchomparáideacht na faisnéise agus na sonraí sin a fhíorú idir na Ballstáit.
- (3) I gcomhréir le hAirteagal 13(1) de Threoir (AE) 2019/904, ba cheart do na Ballstáit na sonraí agus an fhaisnéis a thuairisciú don Choimisiún trí mheán leictreonach laistigh de 18 mí ó dheireadh na bliana tuairiscithe inar bailíodh iad.
- (4) Chun gur féidir leis na Ballstáit a n-oibleagáidí tuairiscithe faoi Threoir (AE) 2019/904 a chomhlíonadh agus chun cruinneas agus inchomparáideacht na sonraí tuairiscithe a áirithiú, beidh an fhormaid chun sonraí a thuairisciú maidir le trealamh iascaireachta ina bhfuil plaisteach a chuirtear ar an margadh agus maidir le dramhthrealamh iascaireachta a bhailítear sa Bhallstát le bunú i gcomhréir le hAirteagal 13(4) de Threoir (AE) 2019/904.
- (5) Leis an bhformáid a bhunaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo, ceanglaítear gur de réir meáchain a thuairisceofar méideanna an trealamh iascaireachta a chuirtear ar an margadh agus méid an dramhthrealaimh iascaireachta. Ba cheart do na Ballstáit, dá bhrí sin, na bearta is gá a dhéanamh chun a áirithiú gur féidir an tuairisciú a dhéanamh i gcomhréir leis an bhformáid.
- (6) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um Oiriúnú don Dul Chun Cinn Eolaíoch agus Teicniúil agus le cur chun feidhme na dTreoracha maidir le dramhaíl arna mbunú faoi Airteagal 39 de Threoir 2008/98/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽²⁾.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Déanfaidh na Ballstáit na sonraí maidir le trealamh iascaireachta a chuirtear ar an margadh agus maidir le dramhthrealamh iascaireachta a bhailítear dá dtagraítear in Airteagal 13(1)(d) de Threoir (AE) 2019/904 a thuairisciú san fhormaid chun sonraí a thuairisciú, formáid a leagtar amach in Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an gCinneadh seo.

⁽¹⁾ IO L 155, 12.6.2019, lch. 1.

⁽²⁾ Treoir 2008/98/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Samhain 2008 maidir le dramhaíl agus lena n-aisghairtear Treoracha áirithe (IO L 312, 22.11.2008, lgh. 3).

Airteagal 2

Is san fhormaid a leagtar amach in Iarscríbhinn 2 a ghabhann leis an gCinneadh seo a tharraingeoidh na Ballstáit suas an tuarascáil ina mbeidh seiceáil cáilíochta dá dtagraítear in Airteagal 13(2) de Threoir (AE) 2019/904.

Airteagal 3

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 31 Bealtaine 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
Virginijus SINKEVIČIUS
Comhalta den Choimisiún

IARSCRÍBHINN 1

Formáid chun sonraí maidir le trealamh iascaireachta ina bhfuil plaisteach a chuirtear ar an margadh agus dramhthrealamh a bhailítear, i gcomhréir le hAirteagal 13(1)(d) de Threoir (AE) 2019/904 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

A. Formáid chun sonraí maidir le trealamh iascaireachta ina bhfuil plaisteach a chuirtear ar an margadh a thuirisciú ⁽¹⁾

		Painéil eangaí atá déanta as sreangán tiubh ⁽¹⁾ ($\varnothing > 1$ mm)	Painéil eangaí atá déanta as sreangán tanaí ($\varnothing \leq 1$ mm)	Trealamh plaisteach eile nó páirteanna de	Codanna neamhphlaisteacha den trealamh ⁽²⁾	Baoithe, snámháin, rópaí
Iomlán (*) = (tonaí)	A+B+C+D+E	A	B	C	D = I+K	E = F+J+L
Iomlán na bplaisteach =	A+B+C+F	A	B	C		F
— Polapróipiléin (PP)						
— Poileitiléin (PE)						
— Poileitiléin ardmhóilín-each (HMPE)						
— Níolón						
— Eile (PET, PVC, HDPE, EVA etc..)						
— Meascán polaiméirí						
Iomlán na miotal	G = I+J				I	J
— Cruach						
— Alúmanam						
— Luaidhe						
— Miotail eile nó miotail mheasctha eile						

⁽¹⁾ Is de réir meáchain (tonaí) atá na sonraí le tuairisciú – ní mór a shonrú sa tuarascáil ina mbeidh seiceáil cáilíochta ar úsáideadh fachtóirí coinbhéartachta (e.g. ó thoirt go mais).

Iomlán an rubair	H = K+L		K	L
------------------	---------	--	---	---

(*) Níl sé éigeantach ach méideanna iomlána (i gcill bhán) an trealamh iascaireachta agus a chomhpháirteanna a thuairisciú.

Ní bhaineann na cealla ar a bhfuil scáthlíniú dubh le hábhar.

(¹) Cumhdaítear le "sreangán" gach sreangán, sreang, rópa éadrom etc. bídis comhdhéanta d'fhiliméad amháin (aonfhiliméid) nó d'ilfhiliméid atá casta nó bréadaithe le chéile lena ndéantar sreangán aonair ilsnáithe.

(²) D'fhéadfadh meáchain mhiotail, rollóirí rubair, gairis/eangacha éalaithe, etc. a bheith i gceist leis seo.

B. Formáid chun sonraí maidir le dramhthrealamh iascaireachta arna bhailiú a thuairisciú (²)

	Iomlán	Painéil eangáí atá déanta as sreangán tiubh (¹) ($\varnothing > 1 \text{ mm}$)	Painéil eangáí atá déanta as sreangán tanaí ($\varnothing \leq 1 \text{ mm}$)	Trealamh plaisteach eile nó páirteanna de	Codanna neamhphlaisteacha den trealamh (²)	Baoithe, snámháin, rópaí
Iomlán (*) = (tonaí)	A+B+C+D+E	A	B	C	D = I+K	E = F+J+L
Iomlán na bplaisteach =	A+B+C+F	A	B	C		F
— Polapróipiléin (PP)						
— Poileitiléin (PE)						
— Poileitiléin ardmhóilín-each (HMPE)						
— Níolón						
— Eile (PET, PVC, HDPE, EVA etc..)						
— Meascán polaiméirí						
Iomlán na miotal	G = I+J				I	J
— Cruach						
— Alúmanam						
— Luaidhe						
— Miotail eile nó miotail mheasctha eile						

(²) Is de réir meáchain (tonaí) atá na sonraí le tuairisciú – ní mór a shonrú sa tuarascáil ina mbeidh seiceáil cáilíochta ar úsáideadh fachtóirí coibhéartachta (e.g. ó thoirt go mais).

Iomlán an rubair	H = K+L		K	L
------------------	---------	--	---	---

- (*) Níl sé éigeantach ach méideanna iomlána (i gcill bhán) an trealamh iascaireachta agus a chomhphárteanna a thuairisciú. Áirítear leis sin aon trealamh iascaireachta ina bhfuil plaistigh, agus aon chomhpháirt, substaint nó ábhar ar leith ba chuid den trealamh iascaireachta sin nó a bhí ceangailte den trealamh iascaireachta sin nuair a caitheadh amach é, lena n-áirítear nuair a tréigeadh nó nuair a cailleadh é. Ní bhaineann na cealla ar a bhfuil scáthlíniú dubh le hábhar.
- (¹) Cumhdaítear le “sreangán” gach sreangán, sreang, rópa éadrom etc. bídis comhdhéanta d’fhiliméad amháin (aonfhiliméid) nó d’ifhfiliméid atá casta nó bréadaithe le chéile lena ndéantar sreangán aonair ilsnáithe.
- (²) D’fhéadfadh meáchain mhiotail, rollóirí rubair, gairis/eangacha éalaithe, etc. a bheith i gceist leis seo.

IARSCRÍBHINN 2

Formáid na tuarascála ina mbeidh seiceáil cáilíochta a ghabhann leis na sonraí dá dtagraítear in Iarscríbhinn 1, i gcomhréir le hAirteagal 13(2)(d) de Threoir (AE) 2019/904 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

I. Cuspóir na tuarascála

Is é is aidhm don tuarascáil ina mbeidh seiceáil cáilíochta, faisnéis a bhailiú faoi na modhanna tiomsaithe sonraí agus faoi cháilíocht na sonraí a chuirtear isteach. Leis an tuarascáil, beifear in ann tuiscint níos fearr a fháil ar na cineálacha cur chuige a ghlac na Ballstáit maidir le bailiú sonraí agus beifear in ann comparáid a dhéanamh idir na sonraí ó Bhallstát go chéile chomh maith. Gabhann tuarascáil sin le tuairiscíú ag na Ballstáit maidir le trealamh iascaireachta ina bhfuil plaisteach a chuirtear ar an margadh agus maidir le dramhthrealamh iascaireachta a bhailítear.

Leis an tuarascáil ina mbeidh seiceáil cáilíochta déanfar meastóireacht ar cháilíocht na modhanna bailithe sonraí, lena n-áirítear raon feidhme agus bailíochtú na bhfoinsí sonraí riaracháin agus bailíocht staidrimh na gcineálacha cur chuige atá bunaithe ar shuirbhéanna.

Ina theannta sin, leis an tuarascáil ina mbeidh seiceáil cáilíochta ní mór na cúiseanna is bun le hathruithe suntasacha ar na sonraí tuairiscithe a mheas agus muinín as cruinneas na sonraí sin a áirithiú.

II. Formáid na tuarascála ina mbeidh seiceáil cáilíochta: Trealamh iascaireachta ina bhfuil plaisteach arna chur ar an margadh

1. FAISNÉIS GHINEARÁLTA

Ballstát:	
An eagraíocht atá freagrach as sonraí a chur isteach:	
Ríomhphost teagmhála:	
Uimhir theileafóin:	
Bliain tagartha:	
Dáta/leagan seachadta:	
Nasc chuig foilsíú na sonraí ag an mBallstát (más ann dó):	

2. TUAIRISC AR NA PÁIRTITHE A bhFUIL BAINTE ACU LEIS AN mBAILIÚ SONRAÍ

Ainm na hinstitiúide	Príomhfhreagrachtaí

Cuir rónna leis más gá

3. TUAIRISC AR NA MODHANNA A ÚSÁIDEADH

3.1. **Sonraíocht na modhanna agus na bhfoinsí**

Modhanna bailithe sonraí/foinse sonraí	Sonraí sainordaitheacha (modh/foinse: is ea/ní hea)	Sonraí deonacha (roghnach) (modh/foinse: is ea/ní hea)
Tuairiscíú riaracháin (daonáireamh)		

Suirbhéanna (daonáireamh nó sampláil)		
Staidreamh trádála (e.g. trí shonraí Procom nó Comext a úsáid)		
Scéim um fhreagracht leathnaithe táirgeora		
Táirgeoirí/trádálaithe trealamh		
Eile (sonraigh)		

Sonraigh uimhir na foinsé tagartha idir lúibíní i gcealla inar tugadh “is ea” mar fhreagra, e.g. is ea (1).

Cuir isteach mínithe sonracha sa tábla thíos i gcás cealla inar tugadh “is ea” mar fhreagra, agus úsáid á baint as na huimhreacha tagartha. Sonraigh a mhínicé a bailíodh na sonraí (e.g. ar bhonn míosúil, ráithe, bliantúil, leanúnach) más eol.

Uimhir thagartha	Míniú/tuairisc bhreise

Cuir rónna leis más gá

3.2. Sonraíocht fachtóirí coinbhéartachta

Má úsáideadh fachtóirí coinbhéartachta ⁽¹⁾ chun meastachán a dhéanamh ar shonraí deonacha, sonraigh sa tábla thíos iad.

	Iomlán an trealamh iascaireachta ina bhfuil (tonaí)	Painéil eangaí atá déanta as sreangán tiubh (Ø > 1 mm)	Painéil eangaí atá déanta as sreangán tanaí (Ø ≤ 1 mm)	Trealamh plaisteach eile nó páirteanna de	Codanna neamhph-laisteacha den trealamh	Baoithe, snámháin, rópaí	Iomlán in aghaidh an chineáil ábhair
Iomlán (*) (tonaí)	Luach sainordaitheach						
Iomlán na bplaisteach							
— Polapróipiléin (PP)							
— Poileitiléin (PE)							
— Poileitiléin ard-mhóilíneach (HMPE)							

⁽¹⁾ Is éard is fachtóir coinbhéartachta ann iolraitheoir uimhríochtúil chun cainníocht arna sloinneadh i dtacar aonad amháin a thiontú go cainníocht choibhéseach arna sloinneadh i dtacar aonad eile

— Níolón							
— Eile							
— Measctha							
Iomlán na miotal							
— Cruach							
— Alúmanam							
— Luaidhe							
— Miotail eile nó miotail mheasctha eile							
Iomlán an rubair							
Iomlán in aghaidh chomhpháirt an trealaimh							

(*) Ní bhaineann na cealla ar a bhfuil scáthlíniú dubh le hábhar.

4. CRUINNEAS NA SONRAÍ

4.1. Suirbhéanna staidrimh ar chainníocht an trealaimh iascaireachta a chuirtear ar an margadh

Raon feidhme an tsuirbhé	Bliain	Aonaid staidrimh	Céatadán an daonra a ndearnadh suirbhé orthu	Sonraí (t)	Leibhéal muiníne	Lamháil earráide	Coigear-tuithe ó bhliain an tsuirbhé go dtí an bhliain atá ann faoi láthair	Mionsonraí eile

Cuir rónna leis le haghaidh gach suirbhé a rinneadh.

Cuir mínithe sonracha isteach sa tábla thíos trí na cealla thuas a uimhriú/trí thagairt a dhéanamh dóibh.

Uimh.	Míniú/tuairisc bhreise

Cuir rónna leis más gá

4.2. Na príomh-shaincheisteanna maidir le cruinneas

Tuairisc ar na príomh-shaincheisteanna a dhéanann difear do chruinneas na sonraí, lena n-áirítear earráidí a bhaineann leis an tsampláil, an cumhdach, an tomhas, an phróiseáil agus an neamhfhreagairt. Tuairisc ar na meastacháin a úsáideadh.

Uimh.	Saincheist maidir le cruinneas	Míniú/tuairisc bhreise
1	Sampláil	
2	Cumhdach	
3	Tomhas	

4	Próiseáil	
5	Neamhfhreagairt	
6	Meastacháin	
7	Eile (sonraigh)	

Cuir rónna leis más gá

4.3. Difríochtaí ó shonraí na bliana roimhe sin

Athruithe suntasacha modheolaíochta ar an modh ríofa le haghaidh na bliana tagartha reatha, más ann dóibh (cuir san áireamh, athbhreithnithe cúlghabhálacha, cineál na n-athbhreithnithe sin agus cé acu atá nó nach bhfuil táscaire foirceannta ag teastáil do bhliain áirithe).

Uimh.	Míniú/tuairisc bhreise

Cuir rónna leis más gá

4.4. Fíorú sonraí

	Cros-seiceáil (rinneadh/ní dhearnadh)	Seiceáil amshraitheanna (rinneadh/ní dhearnadh)	Iníúchadh (rinneadh/ní dhearnadh)	Próiseas fíorúcháin (rinneadh/ní dhearnadh)
Sonraí sainordaitheacha				
Sonraí deonacha				

Faisnéis bhreise faoi na modhanna, lena n-áirítear an teaghlaim modhanna a úsáideadh.

	Tuairisc mhionsonraithe ar na modhanna fíorúcháin
Sonraí sainordaitheacha	
Sonraí deonacha (roghnach)	

5. RÚNDACHT

5.1. **Sonraigh, de réir na n-ítimí uimhrithe, an chaoi ar áirithíodh rúndacht**(*sampla: bearta nó nósanna imeachta lena gcuirtear cosc le nochtadh neamhúdairithe sonraí etc.*).

Uimh.	Tuairisc

Cuir rónna leis más gá

5.2. **Saincheisteanna rúndachta a bhaineann le foilsíú sonraí**

Uimh.	Tuairisc

Cuir rónna leis más gá

6. SCAIPEADH: PRÍOMHSHUÍOMHANNA GRÉASÁIN AGUS NA PRÍOMHFHOILSEACHÁIN NÁISIÚNTA

Na topaicí atá le liostú thíos baineann siad le scaipeadh sonraí.

Uimh.	Liosta suíomhanna gréasáin, doiciméad, foilseachán

7. MEITEASHONRAÍ

Liosta doiciméad a bhaineann le modheolaíocht bailithe sonraí, le próiseáil sonraí agus le rialú cáilíochta.

Topaic	Is ann don doiciméad (is ann/ní ann)	Tagairt don doiciméad (teideal, bliain, nasc gréasáin más infheidhme)
Bailiú sonraí		
Próiseáil sonraí		
Rialú cáilíochta		

III. Formáid na tuarascála ina mbeidh seiceáil cáilíochta: Dramhthrealamh iascaireachta arna bhailiú

1. FAISNÉIS GHINEARÁLTA

Ballstát:	
An eagraíocht atá freagrach as sonraí a chur isteach:	
Ríomhphost teagmhála:	
Uimhir theileafóin:	
Bliain tagartha:	
Dáta/leagan seachadta:	
Nasc chuig foilsíú na sonraí ag an mBallstát (más ann dó):	

2. Tuarisc ar na páirtithe a bhfuil baint acu leis an mbailiú sonraí

Ainm na hinstitiúide	Príomhfhreagrachtaí

Cuir rónna leis más gá

3. TUAIRISC AR NA MODHANNA A ÚSÁIDEADH

3.1. **Sonraíocht na modhanna agus na bhfoinsí**

Modhanna bailithe sonraí/foinse sonraí	Sonraí sainordaitheacha (modh/foinse: is ea/ní hea)	Sonraí deonacha (roghnach) (modh/foinse: is ea/ní hea)
Tuairisciú riaracháin (daonáireamh)		

Suirbhéanna (daonáireamh nó sampláil)		
Calafóirt		
Scéim um fhreagracht leathnaithe táirgeora		
Táirgeoirí/trádálaithe trealaimh		
Oibreoirí bainistithe dramhaíola		
Eile (sonraigh)		

Sonraigh uimhir na foinse tagartha idir lúibíní i gcealla inar tugadh “is ea” mar fhreagra, e.g. is ea (1).

Cuir isteach mínte sonracha sa tábla thíos i gcás cealla inar tugadh “is ea” mar fhreagra, agus úsáid á baint as na huimhreacha tagartha. Sonraigh a mhínicí a bailíodh na sonraí (e.g. ar bhonn míosúil, ráithe, bliantúil, leanúnach) más eol.

Uimhir thagartha	Míniú/tuairisc bhreise

Cuir rónna leis más gá

3.2. Sonraíocht fachtóirí coinbhéartachta

Má úsáideadh fachtóirí coinbhéartachta ⁽²⁾ chun meastachán a dhéanamh ar shonraí deonacha, sonraigh sa tábla thíos iad.

	Iomlán an trealaimh iascaireachta ina bhfuil (tonaí)	Painéil eangaí atá déanta as sreangán tiubh ($\varnothing > 1 \text{ mm}$)	Painéil eangaí atá déanta as sreangán tanaí ($\varnothing \leq 1 \text{ mm}$)	Trealamh plaisteach eile nó páirteanna de	Codanna neamhphlaisteacha den trealamh	Baoithe, snámháin, rópaí	Iomlán in aghaidh an chineáil ábhair
Iomlán (*) (tonaí)	Luach sainordaitheach						
Iomlán na bplaisteach							
— Polapróipiléin (PP)							
— Poileitiléin (PE)							
— Poileitiléin ard-mhóilíneach (HMPE)							
— Níolón							

⁽²⁾ Is éard is fachtóir coinbhéartachta ann iolraitheoir uimhríochtúil chun cainníocht arna sloinneadh i dtacar aonad amháin a thiontú go cainníocht choibhéseach arna sloinneadh i dtacar aonad eile.

— Eile							
— Measctha							
Iomlán na miotal							
— Cruach							
— Alúmanam							
— Luaidhe							
— Miotail eile nó miotail mheasctha eile							
Iomlán an rubair							
Iomlán in aghaidh chomhpháirt an trealaimh							

(*) Ní bhaineann na cealla ar a bhfuil scáthlíniú dubh le hábhar.

4. CRUINNEAS NA SONRAÍ

4.1. Suirbhéanna staidrimh ar chainníocht an dramhthrealaimh iascaireachta arna bhailiú

Raon feidhme an tsuirbhé	Bliain	Aonaid staidrimh	Céatadán an daonra a ndearnadh suirbhé orthu	Sonraí (t)	Leibhéal muiníne	Lamháil earráide	Coigear-tuithé ó bhliain an tsuirbhé go dtí an bhliain atá ann faoi láthair	Mionsonraí eile

Cuir rónna leis le haghaidh gach suirbhé a rinneadh.

Cuir mínithe sonracha isteach sa tábla thíos trí na cealla thuas a uimhriú/trí thagairt a dhéanamh dóibh.

Uimh.	Míniú/tuairisc bhreise

Cuir rónna leis más gá

4.2. Na príomh-shaincheisteanna maidir le cruinneas

Tuairisc ar na príomh-shaincheisteanna a dhéanann difear do chruinneas na sonraí, lena n-áirítear earráidí a bhaineann leis an tsampláil, an cumhdach, an tomhas, an phróiseáil agus an neamhfhreagairt. Tuairisc ar na meastacháin a úsáideadh.

Uimh.	Saincheist maidir le cruinneas	Míniú/tuairisc bhreise
1	Sampláil	
2	Cumhdach	
3	Tomhas	

4	Próiseáil	
5	Neamhfhreagairt	
6	Meastacháin	
7	Eile (sonraigh)	

Cuir rónna leis más gá

4.3. Difríochtaí ó shonraí na bliana roimhe sin

Athruithe suntasacha modheolaíochta ar an modh ríofa le haghaidh na bliana tagartha reatha, más ann dóibh (cuir san áireamh, athbhreithnithe cúlghabhálacha, cineál na n-athbhreithnithe sin agus cé acu atá nó nach bhfuil táscaire foirceannta ag teastáil do bhliain áirithe).

Uimh.	Míniú/tuairisc bhreise

Cuir rónna leis más gá

4.4. Fíorú sonraí

	Cros-seiceáil (rinneadh/ní dhearnadh)	Seiceáil amshraitheanna (rinneadh/ní dhearnadh)	Iníúchadh (rinneadh/ní dhearnadh)	Próiseas fíorúcháin (rinneadh/ní dhearnadh)
Sonraí sainordaitheacha				
Sonraí deonacha				

Faisnéis bhreise faoi na modhanna, lena n-áirítear an teaghlaim modhanna a úsáideadh.

	Tuairisc mhionsonraithe ar na modhanna fíorúcháin
Sonraí sainordaitheacha	
Sonraí deonacha (roghnach)	

5. RÚNDACHT

5.1. **Sonraigh, de réir na n-ítimí uimhrithe, an chaoi ar áirithíodh rúndacht**(*sampla: bearta nó nósanna imeachta lena gcuirtear cosc le nochtadh neamhúdairithe sonraí etc.*).

Uimh.	Tuairisc

Cuir rónna leis más gá

5.2. **Saincheisteanna rúndachta a bhaineann le foilsíú sonraí**

Uimh.	Tuairisc

Cuir rónna leis más gá

6. SCAIPEADH: PRÍOMHSHUÍOMHANNA GRÉASÁIN AGUS NA PRÍOMHFHOILSEACHÁIN NÁISIÚNTA

Na topaicí atá le liostú thíos baineann siad le scaipeadh sonraí.

Uimh.	Liosta suíomhanna gréasáin, doiciméad, foilseachán

7. MEITEASHONRAÍ

Liosta doiciméad a bhaineann le modheolaíocht bailithe sonraí, le próiseáil sonraí agus le rialú cáilíochta.

Topaic	Is ann don doiciméad (is ann/ní ann)	Tagairt don doiciméad (teideal, bliain, nasc gréasáin más infheidhme)
Bailiú sonraí		
Próiseáil sonraí		
Rialú cáilíochta		